

NAONBHAR BAN AR NA SGEIRDÍ.

Chuadar naonbhar ban amach ar na Sgeirdí ag baint chreannaigh. An bád a chuir amach ar an gcarraig iad chuaidh sí ag iasgach bhí sí le theacht chuca trathnóna. Ní raibh sí i ndon theacht chuca ná iad a thaobhachtháil le hoibriú na farrige. B'éigin di dul abhaile. Níor tháinig aon bhás chuca in imteacht naoi n-oidhche agus naoi lá bhí an fhairrge chó fiadháin sin agus dubhairt chuile fhear a raibh dhuine féin nach bhféadfaidís gan a bheith cáillte.

Maidin an deichmhadh lá bhí an fhairrge tuitthe agus dubhairt an bhean seo bean de mhuintir Fhatharta Mátair Seáin A Chota, go bhfaca sí iad. Bhí sí ina seasamh ar Chaorán na hÁirde agus dubhairt sí le is na gaolta gan faitchíos a bheith ortha go raibh go raibh na mná beo, go raibh sí féin ag breathnú ortha ag dhul síos nuair a d'imthigheadh an bruth agus ag baint ghlac ghreannaigh agus a dul aníos arís ar mhullach na carrige nuair a d'fheicidís an bhruth ag tigheacht.

Chuaidh an bád amach agus ceathrar fear leis na mná a thógeáil. Bhí an naonbhar beo, mar dubhairt an bhean a sheas ar an gcaorán. Bhí a ngiall athuighthe aca de bharr bheith ag congailt na creannaighe i gcomhnaidhe. Ní raibhadar chó maith is bhídís go ceann coigcís ina dhiaidh sin tar éis teacht abhaile.

Sa bhFómhar a thárla sé. Thug an Ceannuidhe Fionn a mhallacht d'aon duine a thrust oidhche Fhómhair. Chinn oidhche Fhómhair ar an gceannaidhe Fionn.